

Próiseáil Sonraí maidir leis an Vacsaín COVID-19 i gcomhthéacs Fostaíochta

De réir mar a leanann muid ar aghaidh ag oscailt an geilleagar agus an tsochaí le laghdú srianta COVID-19, tá go leor fostóirí ag iarraidh a thuiscint cen fhaisnéis a féidir leo a phróiseáil i dtaca le filladh a bhfostaithe ar an ionad oibre. Go háirithe, agus a bhfuil an Clár Náisiúnta Vacsaínithe á leathadh amach, cuireadh an cheist an féidir le fostóirí faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil go dleathach maidir le stádas vacsaínithe COVID-19 a gcuid fostaithe.

Mar dhearcadh ginearálta, measann an DPC, nuair nach bhfuil comhairle shoiléir ann ó údarais sláinte poiblí in Éirinn go gcaithfidh gach uile fostaí agus bainisteoir ionad oibre stádas vacsaínithe fostaithe agus oibrithe a dheimhniú, is dócha, i dtaca le próiseáil sonraí vacsaínithe, go mbeadh bailiú neamhriachtanach agus iomarcach de shonraí i gceist, nach bhfuil aon bunús soiléir dlí ann dó. Is é seo an cás go háirithe nuair nach bhfuil aon chomhairle sláinte poiblí i dtaca leis an gcuspóir a bheadh leis an mbailiú sonraí sin. Mar shampla, comhairle faoi cad a cheapfar go ndéanfadh fostóirí le heolas faoi stádas vacsaínithe oibrithe, i bhfocal eile, oibrithe nach bhfuil vacsaínithe a chur abhaile, nó oibrithe a bhfuil vacsaínithe a leithscar ó iad siúd nach bhfuil vacsaínithe?

Comhthéacsanna Fostaíochta ar Leith

Ba cheart go dtabharfaidh polasaithe sláinte poiblí an Rialtais treoir, i ngach comhthéacs, do phróiseáil sonraí sláinte mar fhreagra ar an bpaindéim COVID-19. Sa leagan reatha den [Work Safely Protocol: COVID-19 National Protocol for Employers and Workers](#), moltar go bhfuil cúinsí teoranta ina bhféadfar vacsaín a chur ar fáil mar bheart sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre (mar a leagtar síos faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíoch) 2013 agus 2020). D'fhéadfadh go mbeadh cúinsí breise, mar shampla, i soláthar seirbhísí sláinte líne thosaigh, ina féidir smaoinigh ar vacsaíniú mar bheart riachtanach slándála, bunaithe ar threoir ábhartha a bhaineann leis an earnáil ar leith. Mar shampla, sa Treoir maidir le hlompar Gairmiúil agus Eitic do Chleachtóirí Cláraithe Leighis ó Comhairle na nDochtúirí Leighis, luaitear gur cheart do chleachtóirí a bheith “vacsaínithe i

gcoinne galair theagmhálacha". Sna cásanna seo, is dócha go mbeadh fostóir in ann sonraí vacsaínithe a phróiseáil go dleathach ar bhonn riachtanais.

Ioslaghú Sonraí

In [Work Safely Protocol: COVID-19 National Protocol for Employers and Workers](#), luaitear "irrespective of the vaccination roll-out, Public Health infection prevention and control measures (such as physical distancing, hand hygiene, face coverings, adequate ventilation), and working from home unless an employee's physical presence in the workplace is necessary, will all need to remain in place." Tá sé soiléir ó seo go bhfuil réimse bearta go bhféadfadh fostóirí a úsáid chun sábháilteacht an ionaid oibre a chinntiú, sular smaoiníonn siad an beart riachtanach é eolas a bheith acu faoi stádas vacsaínithe. De réir prionsabal íoslaghadaíthe sonraí, ba cheart d'fhostóirí gach beart a chur i bhfeidhm le próiseáil sonraí pearsanta fostaithe a sheachaint ar dtús.

Cineál Deonach an Vacsaínithe

Is sonraí pearsanta catagóirí speisialta faoin GDPR atá i gceist le heolas faoi stádas vacsaínithe duine. Is cuid de thaifead pearsanta sláinte an duine é, agus tugtar cosaintí bhreise dó faoin dlí cosanta sonraí. Luaitear in [Work Safely Protocol: COVID-19 National Protocol for Employers and Workers](#) gur cinneadh deonadh é an cinneadh vacsaín a fháil agus go ndéanfaidh daoine aonair a gcinntí féin i dtaca leis seo. Tugann sé seo le fios chomh maith nár cheart go hiondiúil go smaoinfeadh ar vacsaíniú COVID-19 mar bheart riachtanach ionaid oibre agus, mar sin, ní dócha go mbeadh próiseáil sonraí maidir le vacsaín riachtanach nó comhréireach sa chomhthéacs fostaíochta.

De bharr cineál an Chláir Náisiúnta Vacsaínithe, níl neart ag oibrithe aonair ar conas a bhfaighidh siad vacsaín, agus mar tá an Clár bunaithe ar aois, ní bheidh go leor oibrithe níos óige vacsaínithe go hiomlán go ceann cúpla mí. Dá bharr sin, ní soiléir gur féidir féachaint ar phróiseáil stádais vacsaínithe mar bheart riachtanach nó comhréireach sa chuid is mó de cásanna fostaíochta. Chomh maith leis seo, níl sé soiléir fós cén éifeachtúlacht fhadtéarmach a bhainfidh leis an vacsaín ó thaobh na himdhíonachta de, is é sin le rá, nuair a thagann athraithigh nua COVID chun cinn, nó nuair a bheidh vacsaíní breisithe ag teastáil. Ar na hábhair seo, ní cosúil go bhfuil fianaise ann ag an am seo a dtugann údar le fostóirí eolas a bheith acu faoi stádas vacsaínithe a bhfostaithe nó na sonraí sin a phróiseáil.

Tarlaíonn próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fostaíochtaí gcás ina bhfuil míchothrom ann idir an ábhar sonraí (fostaí) agus an rialaitheoir sonraí (fostóir). Mar sin de, níor cheart go n-iarrfar ar fhostaithe toiliú a thabhairt ar phróiseáil sonraí vacsaínithe, mar ní dócha go dtabharfar an toiliú sin go toilteanach.

Oifigeach Leighis Sláinte

Le linn dó/di a d(h)ualgais sláinte poiblí a dhéanamh faoi na Rialacháin maidir le Galair Thógálacha 1981, arna leasú, d'fhéadfadh go mbeidh ar Oifigeach Leighis Sláinte rochtain a fháil ar stádas vacsaínithe fostaithe. Tá an cineál próiseála teoranta seo ceadaithe go sonrach faoin dlí cosanta sonraí, nuair a déantar í cás ar chás, má chinntear gur rud riachtanach í agus ar iarratas ón Oifigeach Leighis Sláinte.

Fostaithe agus Taisteal

D'fhéadfadh go mbeidh cásanna ann nuair atá fostaí tar éis taistil go hÉirinn ón gcoigríoch agus tá ar a f(h)ostóir bheith ar an eolas faoi cathain a bheidh an fostaí ar fáil don obair tar éis aon tréimhse féinleithlisithe. Níor cheart go mbeidh sé riachtanach taifead a dhéanamh ar stádas vacsaínithe fostaí i gcásanna dá leithéid. Ina ionad sin, is féidir iarraidh ar an bhfostaí cathain a mbeidh sé/sí in ann filleadh ar an obair.

D'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an dtreoir thuas má thagann athrú ar an gcomhairle sláinte poiblí agus na dlíthe maidir le cineál an víris, an phaindéim agus an t-idirghníomhú leis an vacsaín. Má tá ceisteanna ag fostóirí faoi bhailiú eolas vacsaíne ina n-earnáil féin nó i gcomhthéacs áirithe, ba cheart dóibh féachaint ar dtús ar an dtreoir is déanaí maidir le sláinte poiblí.